Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2013**

# Fisic

## Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

## Teicnící Praiticiúla (Measúnú Inmheánach) Seisiún 1

**[AY131]**

AY131

**DÉ MÁIRT 14 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Tiontaigh go leathanach 2 le haghaidh Treoir agus Faisnéis bhreise.

| Uimhir Ceiste | Marcanna | | |
|---|---|---|---|
| | Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |
| 5 | | | |
| Marc Iomlán | | | |

8195.03

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Freagair na ceisteanna **uilig** sa leabhrán seo. Ní mór obair gharbh agus ríomhaireachtaí a dhéanamh sa leabhrán seo chomh maith. Mura n-iarrtar ort é, **ná** cuir síos ar an fhearas **ná** ar ghnáthaimh thurgnamhacha. Cuirfidh an Múinteoir/Feitheoir in iúl duit an t-ord inar chóir duit na ceisteanna a fhreagairt. Ba chóir duit aon uair an chloig a chaitheamh ar Roinn A agus 30 nóiméad ar Roinn B.

Tá ceithre thástáil ghearra thurgnamhacha i Roinn A. **Beidh an fearas ar fáil duit ar feadh 13 nóiméad i ngach ceann de na tástálacha.** Ag deireadh na tréimhse turgnamhaí 13 nóiméad seo beidh 2 nóiméad agat le haistriú go dtí an áit atá leagtha amach don chéad tástáil eile. Is féidir aon am breise a bheidh agat roimh an chéad tástáil eile a úsáid le nótaí a scríobh ar aon rud nach bhfuil comhlánaithe go fóill agat.

Ag deireadh na hoibre i Roinn A déarfar leat dul go dtí an áit atá leagtha amach le haghaidh Roinn B. Tá ceist amháin i Roinn B mar a mbeidh ort sraith de thorthaí turgnamhacha a anailísiú.

## FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 40 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 20 marc ag dul do Roinn A agus do Roinn B araon.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.

Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers


## Roinn A

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |

**1** Sa turgnamh seo tá tú le fiosrúchán a dhéanamh ar an dóigh a n-athraíonn peiriad an ascalaithe atá ag slabhra fáiscíní páipéir de réir mar a athraítear an fad **y**, a thaispeántar i **bhFíor 1.1**.

**(a)** Tá an fearas i **bhFíor 1.1** curtha i dtreoir duit cheana féin. Déan tomhas ar fhad **y** agus taifead an luach i **dTábla 1.1**.

Nuair a dhíláithrítear an slabhra fáiscíní páipéir fad beag i bplána atá ingearach leis an rialóir méadair, déanfaidh sé ascalú mar a thaispeántar sa taobh-amharc.




**Fíor 1.1**

Díláithrigh an slabhra fad beag go cothrománach agus lig dó ascalú. Glac léamha ionas go dtig leat **T**, peiriad an ascalaithe, a aimsiú tríd an am a thomhas agus a thaifeadadh do 10 n-ascalú. Déan na torthaí uilig a thaifeadadh i **dTábla 1.1**.

Coigeartaigh **y** trí na lúba sreangáin a shleamhnú feadh an rialóra méadair ionas gurb ionann **y** agus leathchuid den luach tosaigh, agus ansin déan an gnáthamh thuas arís.

**Tábla 1.1**

| y/mm | Am do 10 n-ascalú/s | T/s |
|---|---|---|
| | | |
| | | |

[2]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(b) (i)** Gan ríomh a dhéanamh, cad é mar a bheadh a fhios agat ó na torthaí a fuair tú i **dTábla 1.1** nach bhfuil **y** agus **T** i gcomhréir inbhéartaithe lena chéile?

______________________________________________ [1]

**(ii)** Úsáid na torthaí i **dTábla 1.1** le ríomhanna a dhéanamh lena fháil amach cé acu tá, nó níl, **y** agus **T** comhréireach. Mínigh do fhreagra.

An bhfuil **T** comhréireach le **y**? Tá ☐ Níl ☐

Míniú:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |

**2** Sa turgnamh seo glacfaidh tú tomhais a chuirfidh ar do chumas achar leathán páipéir A4 a ríomh agus an éiginnteacht bhainteach i do fhreagra a fháil.

**(a)** Bain úsáid as an rialóir a chuirtear ar fáil le fad agus leithead an leatháin bháin A4 a chuirtear ar fáil a thomhas. Luaigh an éiginnteacht atá i ngach ceann de do thomhais.

Fad = ___________ ± ___________ cm

Leithead = ___________ ± ___________ cm [1]

**(b)** Ríomh achar an leatháin pháipéir, agus an éiginnteacht i do luach den achar. Taispeáin do chuid oibre uilig go soiléir.

Achar = ___________ ± ___________ $cm^2$ [3]

**(c)** Bheadh tiús an leatháin de dhíth fosta le toirt an leatháin pháipéir a ríomh. Cuir síos ar an dóigh a dtomhaisfeá tiús an pháipéir le luach beacht a chinntiú.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**LEATHANACH BÁN**


**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|

**3** Sa turgnamh seo, glacfaidh tú tomhais de shruth agus de dhifríocht poitéinsil ionas go mbeidh tú in ann an fhriotaíocht inmheánach atá ag soláthar cumhachta a oibriú amach. Cuirtear an ciorcad a thaispeántar i **bhFíor 3.1** ar fáil duit. Tá luach tosaigh de 10 Ω ag an fhriotóir R sa chiorcad.




**Fíor 3.1**

**(a)** Druid an lasc agus taifead na luachanna i **dTábla 3.1** don sruth sa chiorcad agus don difríocht poitéinsil trasna an tsoláthair. Cuir an friotóir dar luach 22 Ω isteach in áit R agus déan an gnáthamh arís. Ar deireadh, cuir an friotóir 47 Ω isteach in áit an fhriotóra seo agus déan an gnáthamh arís eile. Taifead na torthaí i **dTábla 3.1**. [1]

**Tábla 3.1**

| Friotaíocht/Ω | Sruth/A | Voltas/V | Cumhacht/W |
|---|---|---|---|
| 10 | | | |
| 22 | | | |
| 47 | | | |

**(b)** Ríomh an chumhacht a scaiptear sa fhriotóir i ngach cás agus úsáid an colún deiridh de **Thábla 3.1** leis na luachanna a thaifeadadh. [1]


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**(c)** Baineann an chumhacht luach uasta amach nuair is ionann an fhriotaíocht, R, agus friotaíocht inmheánach an tsoláthair. Cé acu luach friotaíochta as **Thábla 3.1** is cóngaraí do fhriotaíocht inmheánach an tsoláthair? Cuir síos ar an dóigh a bhféadfá luach níos beaichte a fháil do fhriotaíocht inmheánach an tsoláthair.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_____________________________________________ [3]

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |

**4** Sa turgnamh seo, glacfaidh tú tomhais le cur ar do chumas luach a ríomh do fhriotachas miotail.

Tá an t-ilmhéadar socraithe le cur ar do chumas friotaíocht an tsampla den tsreang mhiotail a thomhas go díreach.

**Ná coigeartaigh suíomh na bhfáiscíní crogaill ar an tsreang.**

**(a)** Beidh na tomhais seo a leanas de dhíth leis an fhriotachas a ríomh. Déan iad seo a thaifeadadh i **dTábla 4.1**.

- Friotaíocht na sreinge ón ilmhéadar.
- Trastomhas na sreinge miotail ag úsáid an scriúthomhsaire micriméadair.
- Fad na sreinge idir na fáiscíní crogaill.

**Tábla 4.1**

| Tomhas | Luach | | | Aonad |
|---|---|---|---|---|
| Friotaíocht | | | | Ω |
| Trastomhas | | | Meánluach | |
| | | | | |
| Fad | | | Meánluach | |
| | | | | |

[2]

**(b)** Bain úsáid as na luachanna i **dTábla 4.1** agus as an chothromóid $R = \frac{\rho l}{A}$ le friotachas an tsampla den tsreang a ríomh.

Friotachas = ________________ Ω m [3]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Roinn B

## Tonnta Uisce

5 Rinneadh turgnamh leis an dóigh a mbíonn luas toinne, v, ag taisteal trí uisce domhain, ag brath ar thonnfhad na toinne, $\lambda$, a fhiosrú. Tomhaiseadh na hamanna, *t*, a thóg sé ar na tonnta fad **5.00 m** a thaisteal agus taifeadadh na torthaí i **dTábla 5.1**.

**(a)** Ríomh luas na toinne do gach tonnfhad agus taifead do luachanna go dtí líon cuí d'fhigiúirí bunúsacha sa tríú colún de **Thábla 5.1**. [2]

**Tábla 5.1**

| $\lambda$/m | t/s | v/m s$^{-1}$ | |
|---|---|---|---|
| 0.45 | 5.97 | | |
| 0.70 | 4.78 | | |
| 0.95 | 4.14 | | |
| 1.20 | 3.73 | | |
| 1.45 | 3.31 | | |

**(b)** Tugann **Cothromóid 5.1** an gaol idir *v* agus $\lambda$, an áit ar tairiseach P.

$$v = \sqrt{\frac{P\lambda}{2\pi}}$$ **Cothromóid 5.1**

**(i)** Úsáid **Cothromóid 5.1** lena thaispeáint go mbeidh graf dronlíneach **a rachaidh tríd an bhunphointe** mar thoradh ar ghraf de $v^2$ a bhreacadh in aghaidh $\lambda$.

[2]

**(ii)** Tá breacthaí eile ann seachas sin a moladh in **(b)(i)** a mbeidh graf dronlíneach mar thoradh orthu fosta. Luaigh breacadh amháin eile a mbeadh graf dronlíneach mar thoradh air.

y-ais: ________________ x-ais: ________________ [1]

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Próiseáil Sonraí

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
| --- | --- | --- |
| | | |

**(c)** **(i)** Cuir an chainníocht atá le ríomh leis an ghraf in **(b)(i)** a tharraing, **agus ní an moladh eile agat féin**, mar cheannteideal ar cholún bán **Thábla 5.1**. Cuir an t-aonad cuí isteach. [1]

**(ii)** Ríomh na luachanna uimhriúla atá de dhíth leis an cholún bhán i **dTábla 5.1** a chomhlánú. [2]

**(iii)** Ar eangach **Fhíor 5.1**, bain úsáid as na sonraí próiseáilte i **dTábla 5.1** leis an ghraf a tugadh in **(b)(i)** a tharraingt. Lipéadaigh na haiseanna agus roghnaigh scálaí cuí. Breac na pointí agus tarraing dronlíne an oiriúnaithe is fearr. [5]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers




**Fíor 5.1**


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

| Marc Múinteora | Seiceáil Scrúdaitheora | Athmharc |
|---|---|---|
| | | |

**Anailís**

**(d) (i)** Faigh grádán an ghraif.

Grádán = _______________

Aonaid an ghrádáin = _______________ [3]

**(ii)** Úsáid do luach don ghrádán le luach a ríomh do *P*.

*P* = _______________ [2]

**(e)** Tugann **Cothromóid 5.2** an gaol idir *v* agus $\lambda$ in uisce éadomhain.

$$v = \sqrt{P\lambda}$$ **Cothromóid 5.2**

Ar eangach **Fhíor 5.1**, tarraing líne leis an ghraf a thaispeáint a bhfaighfí dá ndéanfaí an turgnamh in uisce éadomhain in áit uisce domhain. Lipéadaigh an líne seo *S*. Bain úsáid as do luach *P* agus an spás thíos le ríomhanna ar bith atá de dhíth a dhéanamh.

[2]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

113047

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers